Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1202

24.4.2024

# CINNEADH (CBES) 2024/1202 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

## an 23 Aibreán 2024

## lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova) (EUPM Moldova/1/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/855 ón gComhairle an 24 Aibreán 2023 maidir le Misean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(1) de Chinneadh (CBES) 2023/855, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach den Mhisean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 27 Aibreán 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/871 ([2]), lena gceaptar Cosmin DINESCU mar Cheann Misin Mhisean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv ón 25 Aibreán 2023 go dtí an 24 Aibreán 2024.

(3) An 19 Márta 2024, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála síneadh a chur le sainordú Cosmin DINESCU mar Cheann Misin Mhisean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv ón 25 Aibreán 2024 go dtí an 24 Aibreán 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Cosmin DINESCU mar Cheann Misin Mhisean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova) ón 25 Aibreán 2024 go dtí an 24 Aibreán 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 25 Aibreán 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Aibreán 2024.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK

([1]) IO L 110, 25.4.2023, lch. 30.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/871 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Aibreán 2023 maidir le Ceann Misin Mhisean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova) (EUPM Moldova/1/2023) a cheapadh (IO L 113, 28.4.2023, lch. 48).